Maith re sírleanmain síol mBriain
[RIA 11 (E/iv/3), 200]
[Rannaíocht Mhór, Ógláchas]

1 Maith ré sírleanmain síol mBriain
fir nár ghabh a ngliadh ó ghleo
ag soin tús nách tig do chách
seanfhocal bhias go bráth beo.
2 Leanfaidh mise ní luadh rádh
do chloinn Táil do lean gach órd
más fíor seanráidhte na sen
’s mairg file nách lean a lorg.
3 Léna mhenmain théd gach fer
nó go ttugar mo sheal dáibh
lém thoil ní sochurtha srian
tugas mo mhian do chloinn Táil.
4 D’aicme Cais do lean gach órd
leanfaidh mise ar lorg mo shean
ar mbreith a rogha dá gach aon
leanfaidh a rún féin gach fear.
5 ’S iad ag leanmuin d’fuil na mBrian
dom shinnser riamh maith do-chuaidh
tar chloinn Chais dá leanann cách
ní fhuil táth iarruinn fhuair.[s]
6 Ní bheires grádh cumas ciall
ó tá mo thriall go cloinn Chais
ní bhus faide ag ceilt mo rúin
ní bhfuil mo shúil ré techt tar ais.[s]
7 A-tá d’fine bonnghlan Briain
mo shúil ’na ndiaigh a-tá fós
is cenn uidhe dá gach sgoil
fir dá ttugas toil ar ttós.
8 Roinnfiod mo rae ré ndul siar
is do-bhéar do thriall mo sheal
do cheann Ó mBriain do-bhéar tós
is leanfad fós do gach fear.
9 Conchubhar ’na thriath ós chách
rígh ó Mogha go bráth biaidh
fer do ghabh ré díol gach úird
agam d’fíonfhuil bhuirb Uí Bhriain.
10 An dara seal dhamh ’na dhiaigh
Donchadh Ó Briain a-deir mé
ós geis dó gan éara fer
do-bheara mé ní dom ré.
11 Cuis oile fá ttiobhrainn seal
do Mhurchadh mher is mór grenn
sé ionann d’oineach et d’arm
’s an Murchadh marbh do bhí ann.
12 Córaide dhamh m’uigh ’na ndiaigh [201]

trí mic Briain na n-arm sean
seachnadh carad budh olc díobh
bíd re bíodhbaidh borb gach fear.

13 Fir nár ghabh eagla ná éad
leis nár chuiredh bréag ná bú
file fá ór náchar ob
do dáileacht [leg. -eadh?] eacht ara cclú.

14 Fir nár cuiredh ceim ar ccúl
do féaghadh súd a ndáil (an) óir
d’fior do chionn a chlú do chor
dul do thaisge orraibh nár chóir.

15 Clann Toirdhealbaigh na cciabh lag
lé gleodh nár sgar sin fán ccéim
dá gach fer dhíobh théd an geall
an tráth dob ferr fine Néill.

16 Táinig cíos Banba go Brian
do-chím cliar dá chur a suim
mo shúil a ccuid do chrích Airt
ag soin a chairt ar chloinn cCuinn.

17 Roinn Chuinn ré sinnser na mBrian
ní raibh is ní bhiadh go bráth
leath Éirionn lé Caisiol Cuirc
is neart síol Luirc na lann.[s]

18 Bainfid súd is ní breath bhorb
do chrích Logha ar lorg a sean
má toil neamhthoil dá gach cloinn
rogha is roinn dá gach fear.

19 Fuil dá huaisle do chrích Cuinn
ráinig is ní suim do chách
a ccóimes re crú na mBrian
ní raibh is ní bhiadh go bráth.

20 Fir is mó cádhas ar chléir
do chlannaibh Néill bheirios barr
nár filleadh a ngliadh tar ais
do bháigh clú ó cCais gach clann.

21 Triar is ferr lámhach is lúth
lé ráinig tnúth fhine Táil
triar is ferr déanamh is dealbh
a ngníomh do derbadh a n-am áigh.[s]

22 Tar gach sinnser ó ttéid súd
dob iongnadh dhúin dul dhá chleith
a ndul tar gach flaith dá mhéd
a ngníomh féin bheires do bhreith.

23 Trí huaithne áigh nár thuill guth
clann Toirdhealbaigh go ccruth ccaomh
trí dhamhna lé mbrister fóir
is crobhuing óir taibh ré taobh.

24 Rachat d’fhios na bhflaithedh bhfial
ní smuinim triall ó gach flaith

níor sgar file riu acht réigh
gach fine díobh lér mhéin maith. Maith ré...